

Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Na Briathra GNÍMH sna Torthaí Foghlama

Anailísigh

staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneas a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

Léirthuisct a bheith ag... do...

brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

Meas

saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

Déan comparáid

cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó chás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd

Déan díospóireacht

cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil

Taispeáin

rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

Cuir síos

pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú

Pléigh

athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

Measúnaigh (sonraí)

sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Measúnaigh (breithiúnas eiticíúil)

fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Scrúdaigh

argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste

Mínigh

mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

Fiosraigh

dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

Sainaithin

patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fiosas nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

Léirmhínigh

eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

Iníúch

breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

Ullmhaigh

rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair

Aithin

fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) a shainaithint chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint

Úsáid

eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh